# Staideanna na n-ábhar

## Céard is bia-eolaí ann?

Dearann agus déanann bia-eolaithe táirgí bia nua. Athraíonn bia-eolaithe staid bianna, mar shampla, nuair a bhí siad ag leá, ag reo nó ag bácáil. Oibríonn siad in go leor áiteanna oibre difriúla, ina measc:

- bialanna nó cistineacha
- ollscoileanna
- eagraíochtaí rialtais
- cumainn saintaighde.

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta** a theastaíonn:

- Cruthaitheacht nuair atá bianna nua á ndearadh, á ndéanamh agus á measúnú.
- Fiosrúcháin phraiticiúla a leagan amach nuair atá bianna á ndearadh agus á ndéanamh agus torthaí a chur in iúl do chustaiméirí.



*Seo é Heston Blumenthal. Is bia-eolaí é a úsáideann ceimic chistine chun bianna nuálacha a chruthú. Is Comhalta é freisin de chuid an Royal Society of Chemistry.*

## Céard is nanaitheicneolaí ann?

Aimsíonn nanaitheicneolaí bealaí le hábhair a dhéanamh ar nanascála. Is ionann nanascála agus scála an-bheag. Bíonn sé sin tábhachtach i bhfeidhmeanna éagsúla, ar nós:

- teicneoirí holagrafaíochta agus optaice
- innealtóirí déantúsaíochta
- bainisteoirí forbartha margaidh
- innealtóirí meicniúla
- innealtóirí optúla
- innealtóirí leictreonacha
- innealtóirí ceimiceacha.

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta** a theastaíonn:

- Fiosracht faoin domhan timpeall orthu agus teacht ar bhealaí chun ábhair a dhéanamh ar nanascála.
- Tomhas a dhéanamh le raon trealamh eolaíochta chun ábhair a iniúchadh ar nanascála.



*Seo é Steve Jobs. D'úsáid sé nanaitheicneolaíocht nuair a d'oibrigh sé ar scála beag, ag forbairt ríomhghrafaice le haghaidh Apple, Pixar.*

## Céard is poitigéir míochaine ann?

Meascann poitigéirí míochaine ceimiceáin i staideanna difriúla, ar nós gás, leachtanna agus solad, le cógais a dhéanamh chun cóir leighis a chur ar dhaoine a bhfuil tinnis nó galair orthu. Bíonn spéis acu in eolaíocht a úsáid chun cabhrú le daoine eile. Oibríonn poitigéirí míochaine in áiteanna difriúla, ina measc:

- saotharlanna
- cógaslanna
- ospidéil.

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta** a theastaíonn:

- Athléimneacht i leith imscrúduithe a leagan amach chun cógais a aimsiú a chuirfidh cóir leighis ar dhaoine a bhfuil tinnis nó galair orthu.
- Breathnú go cúramach chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí úsáid a bhaint as ceimiceáin chun cóir leighis a chur ar dhaoine a bhfuil tinnis nó galair orthu.



*Seo í Gunda Georg. Is poitigéir míochaine í in Ollscoil Minnesota i Stáit Aontaithe Mheiriceá.*

*Ar mhaith leat do chuid foghlama faoi staideanna na n-ábhar a úsáid nuair a bheidh tú níos sine?*

ROYAL SOCIETY OF CHEMISTRY